C/2026/901

11.2.2026

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme fheidhmiúlacht an dearbhaithe le haghaidh soláthraithe seirbhíse meán de bhun Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2024/1083 (an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán)

(C/2026/901)

1. RÉAMHRÁ

1. Leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (Rialachán (AE) 2024/1083 ([1])), déantar foráil in Airteagal 18 maidir le sraith coimircí do sholáthraithe seirbhíse meán. Baineann na coimircí sin le modhnóireacht ar ábhar soláthraithe seirbhíse meán ag soláthraithe ardán an-mhór ar líne ([2]), i gcás ina bhfuil modhnóireacht den sórt sin bunaithe ar théarmaí agus coinníollacha ábhartha na soláthraithe sin. Chun tairbhiú de na coimircí sin, ní mór do sholáthraithe seirbhíse meán a dhearbhú go gcomhlíonann siad roinnt eilimintí, mar a liostaítear in Airteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointí (a) go (g), den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán. Chun é sin a éascú, ceanglaítear le hAirteagal 18(1) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán ar sholáthraithe ardán an-mhór ar líne feidhmiúlacht a chur ar bun lena gcuirfear ar a gcumas do sholáthraithe seirbhíse meán an dearbhú sin a chur isteach.

2. De bhun Airteagal 18(9) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, cuirtear de chúram ar an gCoimisiún treoirlínte a eisiúint chun cur chun feidhme éifeachtach na feidhmiúlachta dá dtagraítear in Airteagal 18(1) a éascú. Cuirtear in iúl a thuilleadh le haithris 53 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse an Meán gur cheart do na treoirlínte rannchuidiú leis na rioscaí a bhaineann le mí-úsáid fhéideartha na feidhmiúlachta sin a íoslaghdú, go háirithe ag soláthraithe seirbhíse meán atá i mbun bréagaisnéise, ionramháil faisnéise agus trasnaíochta go córasach, lena n-áirítear iad siúd atá á rialú ag tríú tíortha áirithe, agus na critéir atá le forbairt ag an mBord Eorpach um Sheirbhísí Meán maidir le soláthraithe seirbhíse meán ó lasmuigh den Aontas á gcur san áireamh. Chun na críche sin, d'fhéadfaí a chumhdach leis na treoirlínte sin socruithe a bhaineann le rannpháirtíocht eagraíochtaí aitheanta sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí seiceála fíricí, san athbhreithniú ar na dearbhuithe nó chun dul i gcomhairle le na húdaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta nó comhlachtaí comhrialála nó féinrialála. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh an deis ag na heagraíochtaí sin aon saincheist a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le comhlíonadh na n-eilimintí ábhartha don dearbhú ag soláthraithe seirbhíse meán a mharcáil do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne.

3. Is é is aidhm do na treoirlínte seo cur i bhfeidhm na rialacha a éascú trí na gnéithe riachtanacha dearthaa agus oibriúcháin ba cheart a bheith ag feidhmiúlacht an dearbhaithe a leagan síos. Ba cheart do na gnéithe sin rannchuidiú lena áirithiú go bhfuil feidhmiúlacht an dearbhaithe éasca le haimsiú, éasca le húsáid agus éasca le rochtain do sholáthraithe seirbhíse meán, agus an tráth céanna an tsolúbthacht is gá a thabhairt do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne chun na gnéithe a chur in oiriúint do shaintréithe sonracha a seirbhísí agus a samhlacha gnó.

4. Agus na treoirlínte sin á n-ullmhú aige, rinne an Coimisiún comhairliúcháin spriocdhírithe ina raibh páirtithe leasmhara ábhartha rannpháirteach, lena n-áirítear ionadaithe soláthraithe ardán an-mhór ar líne, soláthraithe seirbhíse meán, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus eagraíochtaí seiceála fíricí, agus údaráis rialála.

5. Léirítear leis na treoirlínte seo tuiscint an Choimisiúin ar Airteagal 18 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh amháin atá in ann léirmhíniú críochnaitheach údarásach a thabhairt ar dhlí an Aontais.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) (IO L, 2024/1083, 17.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1083/oj).

([2]) Ardáin ar líne ag a bhfuil ar a laghad 45 mhilliún úsáideoir gníomhach in aghaidh na míosa san Aontas ar an meán, arna n-ainmniú ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 33(4) de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).

6. Leagtar amach i Roinn 2 de na treoirlínte seo a raon feidhme agus a gcuspóir. Leagtar amach i Roinn 3 na gnéithe ginearálta íosta ba cheart a bheith ag feidhmiúlacht an dearbhaithe dar leis an gCoimisiún. Soláthraítear treoraíocht i Roinn 4 maidir leis na heilimintí atá le dearbhú de bhun Airteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointí (a) go (g), den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán a d'fhéadfadh tacú le soláthraithe seirbhíse meán agus le soláthraithe ardán an-mhór ar líne araon agus iad ag déileáil le dearbhú a thíolacadh. I Roinn 5, sonraíonn an Coimisiún gnéithe eile a bhaineann le láimhseáil dearbhuithe. Leagtar amach i Roinn 6 socruithe do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne chun dul i gcomhairle le húdaráis nó comhlachtaí rialála nó le sásraí comhrialála nó féinrialála i gcás ina bhfuil 'amhras réasúnach' orthu maidir le comhlíonadh Airteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointe (d), den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán ag soláthraithe seirbhíse meán. Leagtar amach i Roinn 7 treoraíocht an Choimisiúin maidir leis na socruithe ginearálta a bhaineann le heagraíochtaí sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí seiceála fíricí, a bheith rannpháirteach in athbhreithniú ar na dearbhuithe.

2. **RAON FEIDHME NA DTREOIRLÍNTE**

7. De bhun Airteagal 18(1) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, ceanglaítear ar sholáthraithe ardán an-mhór ar líne an fheidhmiúlacht dearbhaithe a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhíse meán ar faighteoirí a seirbhísí iad. Soiléirítear a thuilleadh in Aithris 53 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán gurb iad na soláthraithe ardán an-mhór ar líne ar cheart dóibh feidhmiúlacht dearbhaithe a chur i bhfeidhm na soláthraithe sin a sholáthraíonn rochtain ar ábhar meán.

8. Chun na seolaithe agus raon feidhme na n-oibleagáidí in Airteagal 18(1) a shoiléiriú, tá an Coimisiún den tuairim gur cheart eilimintí uile an tsainmhínithe ar 'seirbhís meán' sa Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán a chur san áireamh. Go sonrach, de bhun Airteagal 2, pointe (1) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, is seirbhís meán í seirbhís inarb é príomhchuspóir na seirbhíse nó cuid indealaithe di cláir nó preasfhoilseacháin, faoi fhreagracht eagarthóireachta soláthraí seirbhíse meán, a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, trí mheán ar bith, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a chur ar fáil. Ba cheart Airteagal 2, pointe (1), den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán a léamh freisin in éineacht leis an sainmhíniú ar 'sholáthraí seirbhíse meán' in Airteagal 2, pointe (2), ina sonraítear gur cheart soláthraí den sórt sin a thuiscint mar 'duine nádúrtha nó dlítheanach arb é a ghníomhaíocht ghairmiúil é seirbhís meán a sholáthar...'. Cuirtear i dtábhacht in Aithris 9 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán freisin cineál gairmiúil na gníomhaíochta mar thoisc chinntitheach atá le cur san áireamh chun daoine dlítheanacha nó nádúrtha a sholáthraíonn seirbhís meán a shainaithint. Aithnítear in Aithris 9 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán freisin gur féidir le soláthraithe seirbhíse meán oibriú i bhfoirmeacha éagsúla sa mhargadh inmheánach agus léirítear inti gur cheart a thuiscint go gcumhdaítear leis an sainmhíniú ar sholáthraí seirbhíse meán raon leathan gníomhaithe gairmiúla meán, lena n-áirítear saoririseoirí.

9. Mar a mhínítear in aithris 50 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, is é is cuspóir d'Airteagal 18 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán seasamh le saoirse agus iolrachas na meán sa timpeallacht dhigiteach trí íoslaghdú a dhéanamh ar thionchar na gcinntí modhnóireachta ábhair ar shláine eagarthóireachta soláthraithe seirbhíse meán agus ar scaipeadh faisnéise atá iontaofa agus a tháirgtear i gcomhréir le caighdeáin eagarthóireachta agus ghairmiúla. Is é is aidhm d'Airteagal 18 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán gníomhaíochtaí iriseoireachta gairmiúla soláthraithe seirbhíse meán a fheidhmíonn freagracht eagarthóireachta as a gcláir nó as a bpreasfhoilseacháin a chosaint, lena gcumhdaítear go háirithe ábhair a bhaineann le leas an phobail, saincheisteanna sochaíocha nó feiniméin chultúir a chuireann leis an dioscúrsa poiblí agus leis an díospóireacht dhaonlathach ar deireadh ([3]).

10. Dá bhrí sin, ba cheart a chumhdach leis an gceanglas an fheidhmiúlacht a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 18(1) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, i gcomhréir le haithris 53 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, soláthraithe ardán an-mhór ar líne a sholáthraíonn rochtain ar ábhar meán, is é sin na soláthraithe sin a stórálann agus a scaipeann ar an bpobal faisnéis lena n-áirítear cláir nó preasfhoilseacháin arna dtáirgeadh ag soláthraithe seirbhíse meán i gcomhréir le caighdeáin eagarthóireachta agus ghairmiúla, a mhéid a bheadh sé díréireach nó neamhábhartha do chuspóir na forála soláthraithe eile ardán an-mhór ar líne a chumhdach amhail margaí ar líne nó ardáin a sholáthraíonn ábhar do dhaoine fásta.

([3]) Ba cheart na treoirlínte sin a bheith gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le hábhar arna sholáthar ag soláthraithe seirbhíse meán a d'fhéadfadh a bheith ina fhógraíocht, lena n-áirítear fógraíocht pholaitiúil, nó cumarsáid tráchtála mar a shainmhínítear i ngníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais, amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc), arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808 (IO L 095 15.4.2010, lch. 1) agus Rialachán (AE) 2024/900 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla (IO L, 2024/900, 20.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/900/oj).

3. **GNÉITHE GINEARÁLTA FHEIDHMIÚLACHT AN DEARBHAITHE**

11. Is é is cuspóir don roinn sin treoraíocht a leagan amach maidir le cur chun feidhme fheidhmiúlacht an dearbhaithe. Is é an aidhm atá ann a áirithiú, a mhéid is féidir, go gcuirfidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne an fheidhmiúlacht chun feidhme ar bhealach comhsheasmhach agus éifeachtach, gan dochar do shamhlacha gnó éagsúla agus do shaintréithe sonracha gach soláthraí.

12. Is réamhchoinníoll lárnach í an fheidhmiúlacht a cheanglaítear ar sholáthraithe ardán an-mhór ar líne a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 18(1) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán chun go dtairbheoidh soláthraithe seirbhíse meán de na coimircí in aghaidh cinntí modhnóireachta gan údar a bhaineann le hábhar a mheastar a bheith ar neamhréir le téarmaí agus coinníollacha na n-ardán an-mhór ar líne.

13. Ba cheart an fheidhmiúlacht a bheith ina dlúthchuid de bhonneagar soláthraithe ardán an-mhór ar líne. Ba cheart gné thiomnaithe fheiceálach ar a gcomhéadan a bheith ann, ionas gur féidir le soláthraithe seirbhíse meán é a aimsiú agus rochtain a fháil air go héasca, e.g. trína gcuntais ar an ardán.

14. Ba cheart an fheidhmiúlacht a dhearadh mar cheistneoir caighdeánaithe ba cheart a bheith ar fáil i dteangacha oifigiúla uile gach Ballstáit ina dtairgeann soláthraithe ardán an-mhór ar líne a gcuid seirbhísí. Go háirithe, ba cheart an ceistneoir a bheith comhdhéanta de thicbhosca réamhthiomsaithe is féidir le soláthraithe seirbhíse meán a líonadh isteach chun a dhearbhú go gcomhlíonann siad na heilimintí sonracha a leagtar amach in Airteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointí (a) go (e), den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán. Leis an gceistneoir, ba cheart é a chur ar a gcumas do sholáthraithe seirbhíse an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointí (f) agus (g), a sholáthar, mar shampla trí bhosca iontrála nó trí roinn cheangaltáin.

15. Ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne a áirithiú go n-áirítear san fheidhmiúlacht gné lena gcuirtear ar a gcumas do sholáthraithe seirbhíse meán na cuntais uile lena n-oibríonn siad ar ardán ar leith a dhearbhú in aon tíolacadh amháin. D'fhágfadh sé sin go mbeadh ualach níos lú ag baint leis an dearbhú do sholáthraithe seirbhíse meán sin a oibríonn cuntais iolracha ar ardán ar leith toisc nach gceanglófaí orthu dearbhuithe leithleacha agus aonair a dhéanamh le haghaidh gach cuntais fholuitigh a oibríonn siad.

16. Chun cosc a chur ar thíolacadh dearbhuithe arna gcomhlánú go huathoibríoch ag botaí nó ag bogearraí uathoibrithe eile, ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne a áirithiú go n-áirítear leis an bhfeidhmiúlacht gné lena gceadaítear do sholáthraithe seirbhíse meán a ndearbhú a mharcáil agus a shíniú go leictreonach agus iad a fhíordheimhniú agus a fhíorú trí thástáil Turing Phoiblí Iomlán Uathoibrithe chun Ríomhairí agus Daoine a aithint óna Chéile (CAPTCHA) nó trí phrótacail chomhchosúla atá ceaptha chun idirdhealú a dhéanamh idir úsáideoirí daonna agus bogearraí uathoibrithe.

17. Ba cheart a áireamh san fheidhmiúlacht freisin gné roghnach lena gceadaítear do sholáthraithe seirbhíse meán aon fhaisnéis a uaslódáil a bhaineann le comhlíonadh na n-eilimintí arna ndearbhú de bhun Airteagal 18(1) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán a mheasann siad a bheith ábhartha chun tacú lena ndearbhuithe. I ndáil leis sin, ba cheart an deis a bheith ag soláthraithe seirbhíse meán a léiriú an bhféadfaí an fhaisnéis tacaíochta bhreise sin a chur ar fáil go poiblí. In aon chás, ba cheart an fhéidearthacht úsáid a bhaint as an ngné roghnach sin chun faisnéis tacaíochta bhreise a sholáthar a bheith fós faoi réir lánrogha iomlán soláthraithe seirbhíse meán. Mar thoradh air sin, in éagmais doiciméid tacaíochta bhreise, níor cheart an dearbhú a bheith neamhiomlán ná níor cheart é a bheith ina fhoras lena dhiúltú.

18. Leis an bhfeidhmiúlacht a oibríonn soláthraithe ardán an-mhór ar líne, ba cheart a bheith in ann teachtaireacht uathoibrithe a sheoladh lena n-admhaítear go bhfuarthas an dearbhú chuig soláthraí seirbhíse meán lena mbaineann a luaithe a chuirfear dearbhú isteach. Ba cheart sonraí teagmhála sholáthraí an ardáin an-mhór ar líne a bheith sa teachtaireacht sin freisin, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist is féidir le soláthraí seirbhíse meán a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh go díreach agus go tapa, mar a cheanglaítear le hAirteagal 18(3) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán.

19. Ba cheart do sholáthraithe seirbhíse meán a bheith in ann faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar stádas a ndearbhuithe trína gcuntais ar an ardán agus a ndearbhuithe a thabhairt cothrom le dáta, a leasú nó a tharraingt siar tráth ar bith. Níor cheart go mbeadh sé níos troime dearbhú ar glacadh leis cheana a thabhairt cothrom le dáta nó a leasú ná an dearbhú tosaigh a chur isteach ná níor cheart go mbeadh tíolacadh nua ag teastáil ina leith.

20. Ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne na dearbhuithe a fhaightear a chur ar fáil go poiblí i bhformáid atá inrochtana go héasca agus inléite ag meaisín. Ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin freisin maidir le haon fhaisnéis tacaíochta bhreise dá dtagraítear thuas i mír 17, i gcomhréir leis an gceanglas faoi Airteagal 18(2) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán.

21. Chun feasacht a mhúscailt maidir le feidhmiúlacht an dearbhaithe agus chun a úsáid a éascú, molann an Coimisiún do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne é a chur chun cinn go gníomhach d'fhaighteoirí a gcuid seirbhísí. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh, mar shampla, tríd an bhfeidhmiúlacht a áireamh ina dtéarmaí agus coinníollacha chomh maith le míniú ginearálta a thabhairt ar conas dearbhú a chur isteach a luaithe a bheidh an fheidhmiúlacht i bhfeidhm nó trí phointe teagmhála tiomnaithe a bhunú ina leith sin.

4. **EILIMINTÍ AONAIR AN DEARBHAITHE**

22. Tugtar treoraíocht sna foranna seo a leanas maidir le gnéithe áirithe a bhaineann leis na heilimintí aonair a liostaítear in Airteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointí (a) go (g) agus ar cheart iad a áireamh i ndearbhú arna chur isteach ag soláthraí seirbhíse meán.

4.1. **Eilimintí a bhaineann le hAirteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (f)**

23. De réir Airteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (f) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, cuirfidh an fheidhmiúlacht ar a gcumas do soláthraithe seirbhíse meán a dhearbhú gur soláthraithe seirbhíse meán iad agus go gcomhlíonann siad Airteagal 6(1) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, chomh maith lena n-ainm dlíthiúil agus a sonraí teagmhála a sholáthar, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist, ar cheart dó, más féidir, a bheith ina bhosca ríomhphoist tiomnaithe chun bealach cumarsáide cobhsaí a chumasú, ar féidir le soláthraí an ardáin an-mhór ar líne é a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh leo go tapa agus go díreach.

24. Chun dearbhuithe a láimhseáil agus chun sainaithint soláthraithe seirbhíse meán a éascú, féadfaidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne bunachair sonraí uile-Aontais nó náisiúnta atá ar fáil go poiblí a cheadú chun faisnéis chuimsitheach atá cothrom le dáta a fháil faoi sholáthraithe seirbhíse meán agus faoina n-úinéireacht. Áirítear ar na bunachair sonraí sin Monatóir ar Úinéireacht Euromedia ([4]) nó na bunachair sonraí náisiúnta um úinéireacht na meán arna mbunú de bhun Airteagal 6(2) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán. D'fhéadfadh an Bord Eorpach um Sheirbhísí Meán (dá ngairtear 'an Bord' anseo feasta) teagmhálacha a éascú idir soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus na húdaráis náisiúnta faoi seach atá i gceannas ar bhunachair sonraí náisiúnta.

25. D'fhéadfadh soláthraithe ardán an-mhór ar líne MAVISE ([5]) a cheadú freisin, bunachar sonraí láraithe saor-rochtana arna bhainistiú ag an bhFaireachlann Eorpach Chlosamhairc. Le MAVAISE, cuirtear faisnéis maidir le tír dhlínse soláthraithe seirbhíse meán closamhairc atá ar fáil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, de bhun na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamharic.

26. Sa chomhthéacs sin, mar chuid den ghné roghnach ar a dtugtar tuairisc i mír 17 thuas, d'fhéadfadh soláthraithe seirbhíse meán nasc díreach a áireamh leis na bunachair sonraí dá dtagraítear i míreanna 24 agus 25 thuas agus leis an suíomh gréasáin ar a bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 6(1) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán.

4.2. **Eilimintí a bhaineann le hAirteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointe (c)**

27. I gcomhréir le hAirteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointe (c), den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, cuirfidh an fheidhmiúlacht ar a gcumas do sholáthraithe seirbhíse meán a dhearbhú go bhfuil siad neamhspleách ó thaobh eagarthóireachta de ar na Ballstáit, ar pháirtithe polaitiúla, ar thríú tíortha agus ar eintitis atá á rialú nó á maoiniú ag tríú tíortha.

([4]) EurOMo (Monatóir ar Úinéireacht Euromedia).
([5]) Bunachar sonraí MAVISE.

28. Mar chuid den ghné roghnach ar a dtugtar tuairisc i mír 17 thuas, d'fhéadfadh soláthraithe seirbhíse meán faisnéis ábhartha a uaslódáil, amhail na bearta, na beartais nó na nósanna imeachta inmheánacha atá curtha i bhfeidhm acu chun seasamh lena neamhspleáchas eagarthóireachta agus é a chothú. Chuige sin, d'fhéadfadh soláthraithe seirbhíse meán inspioráid a lorg ón Moladh ón gCoimisiún maidir le coimircí inmheánacha le haghaidh neamhspleáchas eagarthóireachta agus trédhearcacht úinéireachta in earnáil na meán, lena n-áirítear catalóg neamh-uileghabhálach agus neamhcharnach de bhearta deonacha atá dírithe ar neamhspleáchas agus sláine cinntí eagarthóireachta a chosaint ([6]).

29. Leis an ngné roghnach ar a dtugtar tuairisc i mír 17 thuas, d'fhéadfaí a chur ar a gcumas do sholáthraithe seirbhíse meán a léiriú nach bhfuil siad faoi réir aon bheart sriantach arna fhorchur ag an Aontas Eorpach faoi láthair ar fhorais, *inter alia*, a n-easpa neamhspleáchais eagarthóireachta ([7]).

4.3. **Eilimintí a bhaineann le hAirteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointí (d) agus (g)**

30. I gcomhréir le hAirteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointe (d) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán cuirfidh an fheidhmiúlacht ar a gcumas do sholáthraithe seirbhíse meán a dhearbhú (i) go bhfuil siad faoi réir na gceanglas rialála le haghaidh feidhmiú freagrachta eagarthóireachta i mBallstát amháin nó níos mó agus faoi réir maoirseacht ag údarás nó comhlacht rialála náisiúnta inniúil, nó (ii) go gcloíonn siad le sásra comhrialála nó féinrialála lena rialaítear caighdeáin eagarthóireachta a aithnítear go forleathan agus a nglactar leo in earnáil ábhartha na meán i mBallstát amháin nó níos mó.

31. Tá na heilimintí sin malartach agus níl siad carnach. Dá bhrí sin, ní bheadh ar sholáthraí seirbhíse meán a dhearbhaíonn go bhfuil sé faoi réir ceanglais rialála maidir le feidhmiú freagrachta eagarthóireachta agus formhaoirseachta ag údarás nó comhlacht rialála náisiúnta inniúil a dhearbhú freisin go gcloíonn sé le sásra comhrialála nó féinrialála lena rialaítear caighdeáin eagarthóireachta a aithnítear go forleathan agus a nglactar leo in earnáil ábhartha na meán i mBallstát amháin nó níos mó agus *vice versa*.

32. Mar chuid den ghné roghnach ar a dtugtar tuairisc i mír 17 thuas, d'fhéadfadh soláthraithe seirbhíse meán fianaise a sholáthar chun tacú lena ndearbhú de bhun Airteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointe (d) ([8]). Moltar do sholáthraithe seirbhíse meán freisin faisnéis tacaíochta a uaslódáil faoin sásra comhrialála nó féinrialála lena rialaítear caighdeáin eagarthóireachta a gcloíonn siad leo ([9]).

33. Aithníonn an Coimisiún go bhféadfadh leibhéal forbartha na sásraí comhrialála nó féinrialála a bheith éagsúil ar fud na mBallstát. I ndáil leis an méid sin, tá an Coimisiún den tuairim go bhféadfadh an Bord, mar chuid dá chúram ginearálta cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus éifeachtach EMFA a chur chun cinn, forbairt tionscnamh comhrialála nó féinrialála náisiúnta atá éifeachtach, comhleanúnach agus comhordaithe a chothú agus a éascú, lena n-áirítear i gcomhthéacs an idirphlé struchtúrtha faoi Airteagal 19 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán.

34. Chun críocha Airteagal 18 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, tá sé i gceist le sásraí comhrialála nó féinrialála rialachas éifeachtach ar chaighdeáin eagarthóireachta a ráthú, agus iad go hiomlán neamhspleách ar leasanna stáit, polaitiúla agus tráchtála, agus a ngníomhaíochtaí a dhéanamh go trédhearcach, agus is minic a chuirtear de chúram orthu maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh i gcomhréir le caighdeáin eiticiúla agus ghairmiúla ábhartha

35. I measc na samplaí de shásraí comhrialála nó féinrialála den sórt sin tá comhairlí náisiúnta meán agus preasa, chomh maith le horduithe gairmiúla nó comhlachais a dhéanann maoirseacht ar ghairm na hiriseoireachta agus lena rialaítear caighdeáin eagarthóireachta.

([6]) Moladh (AE) 2022/1634 ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2022 maidir le coimircí inmheánacha do neamhspleáchas eagarthóireachta agus trédhearcacht úinéireachta in earnáil na meán (IO L 245 22.9.2022, lch. 56).

([7]) Tá liosta cothrom le dáta de na bearta sriantacha atá á bhforchur ag an Aontas Eorpach faoi láthair le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: https://data.europa.eu/apps/eusanctionstracker/.

([8]) D'fhéadfaí a áireamh ar shamplaí deimhnithe nó doiciméadacht ábhartha ón gcomhairle preasa, meán nó eitice atá bunaithe i gceann de na Ballstáit nó a sholáthraíonn an nasc chuig suíomh gréasáin na comhairle atá i gceist.

([9]) I measc na samplaí tá na bearta a rinne an sásra atá i gceist chun a áirithiú go gcomhlíonfar a chaighdeáin nó na nósanna imeachta maidir le réiteach agus obair leantach a dhéanamh ar ghearáin faoi neamhchomhlíonadh.

36. I gcomhréir le hAirteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointe (g), den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, cuirfidh an fheidhmiúlacht ar a gcumas do sholáthraithe seirbhíse meán sonraí teagmhála, lena n-áirítear ainmneacha, seoltaí ríomhphoist nó uimhreacha teileafóin, phointí teagmhála ábhartha na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta ábhartha nó ionadaithe na sásraí comhrialála nó féinrialála dá dtagraítear in Airteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointe (d), den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán a sholáthar. I ndáil leis an méid sin, moltar don Bhord cúnamh a thabhairt do sholáthraithe seirbhíse meán agus do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne trí liosta cothrom le dáta de na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta ábhartha a sholáthar agus trí fhaisnéis a bhailiú maidir leis na sásraí comhrialála agus féinrialála ábhartha atá ag feidhmiú sna Ballstáit.

4.4. **Eilimintí a bhaineann le hAirteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointe (e)**

37. An treoraíocht a thugtar thíos maidir le conas Airteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointe (e), den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán a chur i bhfeidhm, tá sí gan dochar d'Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga (Rialachán (AE) 2024/1689) agus d'aon treoirlíne nó cód cleachtais arna n-eisiúint de bhun Airteagal 50(7) agus Airteagal 96(1), an chéad fhomhír, pointe (d), den Rialachán sin ([10]).

38. I gcomhréir le hAirteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointe (e), den Ghníomh Eorpach um Shaoirse an Meán, cuirfidh an fheidhmiúlacht ar a gcumas do sholáthraithe seirbhíse meán a dhearbhú nach soláthraíonn siad ábhar arna ghiniúint ag córais intleachta saorga gan é a chur faoi réir athbhreithniú daonna ná rialú eagarthóireachta.

39. Mar chuid den ghné roghnach ar a dtugtar tuairisc i mír 17 thuas, d'fhéadfadh soláthraithe seirbhíse meán faisnéis a chomhroinnt maidir lena gcleachtais i ndáil le hathbhreithniú daonna nó rialú eagarthóireachta ar ábhar a ghintear le córais intleachta saorga.

40. Mar shampla, d'fhéadfadh baint a bheith ag an bhfaisnéis sin le feidhmeanna nó róil shonracha laistigh d'eagraíocht soláthraí seirbhíse meán a gcuirtear de chúram uirthi athbhreithniú eagarthóireachta a dhéanamh ar ábhar a ghintear le córais intleachta saorga, nó freagracht eagarthóireachta a ghlacadh as ábhar den sórt sin.

41. In aon chás, meabhraíonn an Coimisiún go mbaineann an chosaint a thugtar le hAirteagal 18 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán i ndáil le modhnóireacht inneachair arna déanamh ag soláthraithe ardán an-mhór ar líne as a n-eascraíonn cur ar fionraí sholáthar a seirbhísí idirghabhála ar líne i ndáil le hábhar arna sholáthar ag soláthraí seirbhíse meán leis an ábhar uile a sholáthraíonn soláthraithe seirbhíse meán, lena n-áirítear an t-ábhar sin a ghintear nó a chúbláil le córais intleachta saorga, ar choinníoll go gcuireann soláthraithe seirbhíse meán an t-ábhar sin faoi réir athbhreithniú daonna nó rialú eagarthóireachta mar a léiríonn siad ina ndearbhuithe.

5. **GNÉITHE EILE A BHAINEANN LE DEARBHUITHE A LÁIMHSEÁIL**

42. Chun a áirithiú go láimhseálfar na dearbhuithe arna gcur isteach laistigh de thréimhse ama réasúnta agus gan moill mhíchuí, mar a cheanglaítear leis an abairt dheireanach d'Airteagal 18(3) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne dearbhuithe a phróiseáil ina n-aonar agus go leanúnach de réir mar a fhaightear iad. Go háirithe, níor cheart dóibh tíolacadh agus próiseáil dearbhuithe a theorannú do thréimhsí ama sonracha.

43. Ba cheart an cinneadh maidir le dearbhú a ghlacadh, a dhiúltú nó a chur ó bhail a bheith bunaithe ar na heilimintí a dhearbhaítear de bhun Airteagal 18(1) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, agus ar na heilimintí sin amháin. Níor cheart an cinneadh dearbhú a ghlacadh, a dhiúltú nó a chur ó bhail a bheith bunaithe ar cé acu atá nó nach bhfuil ábhar soláthraí seirbhíse meán comhoiriúnach le téarmaí agus coinníollacha sholáthraí an ardáin an-mhór ar líne.

([10]) Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (IO L, 2024/1689, 12.7.2024,ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj).

44. Ní fhéadfaidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne dearbhú ar glacadh leis roimhe sin a neamhbhailíochtú ach amháin mura gcomhlíonann soláthraí seirbhíse meán lena mbaineann ceann amháin nó níos mó de na heilimintí arna ndearbhú de bhun Airteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointí (a) go (e), den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán a thuilleadh.

45. Chun é a dhéanamh níos éasca saincheisteanna comhlíontachta a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint maidir le dearbhuithe, féadfaidh an t-údarás nó an comhlacht rialála náisiúnta inniúil nó an sásra comhrialála nó féinrialála fógra a thabhairt do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne faoi mhainneachtain soláthraí seirbhíse meán ceann amháin nó níos mó de na heilimintí a dhearbhaítear de bhun Airteagal 18(1) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán a chomhlíonadh. Féadfaidh eagraíochtaí sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí seiceála fíricí, amhail na heagraíochtaí dá dtagraítear i mír 57, é a mharcáil freisin, i gcomhréir le haithris 53 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán.

46. I gcás inar mharcáil eagraíochtaí sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí seiceála fíricí, amhail na heagraíochtaí dá dtagraítear i mír 57, nár comhlíonadh ceann amháin nó níos mó de na heilimintí a dearbhaíodh de bhun Airteagal 18(1) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne deimhniú ar an ábhar a lorg ón údarás nó ón gcomhlacht rialála náisiúnta inniúil nó ón sásra comhrialála nó féinrialála ábhartha.

47. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne a áirithiú go mbeidh pointe teagmhála daonna ar fáil chun críoch malartuithe le soláthraithe seirbhíse meán, le húdaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta inniúla nó leis na sásraí comhrialála nó féinrialála ábhartha, agus le heagraíochtaí sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí seiceála fíricí, amhail na heagraíochtaí sin dá dtagraítear i mír 57.

48. Má dhiúltaítear do dhearbhú nó má dhéantar é a neamhbhailíochtú, ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne soláthraí seirbhíse meán lena mbaineann a chur ar an eolas faoina gcinneadh gan moill mhíchuí. Agus soláthraí seirbhíse meán lena mbaineann á chur ar an eolas, ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne na cúiseanna atá acu leis an dearbhú a dhiúltú nó a neamhbhailíochtú a léiriú agus ba cheart dóibh tagairt a dhéanamh do na leigheasanna atá ar fáil do sholáthraithe seirbhíse meán faoi Airteagal 18(7) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán.

6. **COMHAIRLIÚCHÁN LE HÚDARÁIS NÓ COMHLACHTAÍ RIALÁLA NÁISIÚNTA NÓ SÁSRAÍ COMHRIALÁLA NÓ FÉINRIALÁLA I GCÁS AMHRAS RÉASÚNACH**

49. De réir na fomhíre deiridh d'Airteagal 18(1) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, i gcás ina bhfuil amhras réasúnach ann an gcomhlíonann soláthraí seirbhíse meán an méid a dhearbhaigh sé faoi Airteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointe (d) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, i.e. go bhfuil sé faoi réir ceanglais rialála maidir le freagracht eagarthóireachta a fheidhmiú i mBallstát amháin nó níos mó agus faoi réir formhaoirseachta ag údarás nó comhlacht rialála náisiúnta inniúil nó an gcloíonn sé le sásra comhrialála nó féinrialála lena rialaítear caighdeáin eagarthóireachta a aithnítear go forleathan agus a nglactar leo in earnáil ábhartha na meán i mBallstát amháin nó níos mó, ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne deimhniú a lorg maidir leis an ábhar ón údarás nó ón gcomhlacht rialála náisiúnta ábhartha nó ón sásra comhrialála nó féinrialála ábhartha.

50. Mínítear in Aithris 53 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán go gcuirfeadh teagmháil leis an údarás nó leis an gcomhlacht rialála náisiúnta nó leis an sásra comhrialála nó féinrialála ar a gcumas do sholáthraí an ardáin an-mhór ar líne a dheimhniú an bhfuil soláthraí seirbhíse meán faoi réir ceanglais rialála nó an gcloíonn sé le sásraí comhrialála nó féinrialála. Léirítear san aithris sin, i gcás inarb ábhartha, go bhféadfadh soláthraithe ardán an-mhór ar líne brath ar an bhfaisnéis atá ar fáil maidir le comhlíonadh na gceanglas agus na sásraí ábhartha, amhail caighdeáin arna bhforbairt ag an tionscal nó cóid iompair ábhartha eile.

51. Sa chomhthéacs sin, thiocfadh 'amhras réasúnach' chun cinn i gcás nach féidir le soláthraithe ardán an-mhór ar líne a fháil amach ón bhfaisnéis a thíolaic soláthraí seirbhíse meán ina dhearbhú an bhfuil soláthraí seirbhíse meán sin faoi réir ceanglais rialála nó an gcloíonn sé le ceanglais chomhrialála nó féinrialála. B'amhlaidh a bheadh, mar shampla, i gcás nach bhfuil faisnéis faoi bhallraíocht i gcomhairlí preasa ar fáil go poiblí nó nach dtaispeántar soláthraí seirbhíse meán i gclárlanna atá ar fáil go poiblí de chuid an údaráis nó an chomhlachta rialála náisiúnta inniúil a léiríodh sa dearbhú.

52. Má théitear i gcomhairle le húdarás nó comhlacht rialála náisiúnta inniúil faoi Airteagal 18(1), an fhomhír dheireanach, den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, ba cheart dó a dheimhniú an bhfuil soláthraí seirbhíse meán lena mbaineann faoi réir ceanglais rialála maidir le feidhmiú na freagrachta eagarthóireachta agus maidir lena fhormhaoirseacht. Chun críocha an deimhnithe sin, d'fhéadfadh an t-údarás nó an comhlacht rialála náisiúnta inniúil an méid seo a leanas a chur san áireamh: (i) na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le soláthraí seirbhíse meán; (ii) na critéir ar ar a mbonn a thagann soláthraí seirbhíse meán faoina dhlínse agus faoina shainchúram rialála; (iii) na clárlanna nó na liostaí náisiúnta atá ar fáil ina bhfuil soláthraí seirbhíse meán san áireamh; agus (iv) na forálacha ábhartha lena leagtar amach na cumhachtaí rialála is féidir leis a fheidhmiú ar sholáthraí seirbhíse meán.

53. Chun críocha an dearbhaithe dá dtagraítear in Airteagal 18(1), an fhomhír dheireanach, den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, le sásra comhrialála nó féinrialála a aithnítear go forleathan in earnáil na meán agus a nglactar leis in earnáil na meán i mBallstát amháin nó níos mó, d'fhéadfaí faisnéis a chur san áireamh a bhaineann le comhlíonadh na gcaighdeán eagarthóireachta ábhartha ag soláthraí seirbhíse meán.

54. D'fhéadfaí a áireamh san fhaisnéis sin cé acu atá nó nach bhfuil soláthraí seirbhíse meán ina chomhalta den sásra nó an gcumhdaítear é leis, nó cé acu atá nó nach bhfuil sé ina chuid de chóid iompair nó d'ionstraimí eile lena leagtar amach na caighdeáin eagarthóireachta is infheidhme

55. I gcás ina ndeachaigh soláthraí ardáin an-mhór ar líne i gcomhairle le húdarás nó comhlacht rialála náisiúnta inniúil nó le sásra comhrialála nó féinrialála agus inar dheimhnigh sé go bhfuil soláthraí seirbhíse meán faoi réir ceanglais rialála nó go gcloíonn sé le ceanglais chomhrialála nó féinrialála, ba cheart glacadh leis an dearbhú láithreach, ar choinníoll gur comhlíonadh na heilimintí eile uile a liostaítear in Airteagal 18(1) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán freisin.

7. **RANNPHÁIRTÍOCHT EAGRAÍOCHTAÍ SOCHAÍ SIBHIALTA AGUS EAGRAÍOCHTAÍ SEICEÁLA FÍRICÍ**

56. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag eagraíochtaí sochaí sibhialta agus ag eagraíochtaí seiceála fíricí maidir leis an mbréagaisnéis agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a chomhrac. Is féidir leo cuidiú le hábhar ar líne a mheasúnú agus a fhíorú agus a áirithiú go bhfuil rochtain ag an bpobal ar fhaisnéis chruinn iontaofa.

57. I gcomhréir le haithris 53 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, molann an Coimisiún do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne, chun an baol go mbainfí mí-úsáid as an bhfeidhmiúlacht a íoslaghdú, oibriú i gcomhar le heagraíochtaí sochaí sibhialta a bhfuil saineolas agus eolas ábhartha acu i réimse na meán, agus cloí le caighdeáin mhodheolaíochta, eitice agus trédhearcachta. D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh le heagraíochtaí den sórt sin: (i) eagraíochtaí sochaí sibhialta atá gníomhach ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta i réimse shaoirse na meán agus iolrachas na meán; (ii) eagraíochtaí um litearthacht sna meáin; agus (iii) eagraíochtaí seiceála fíricí amhail na heagraíochtaí sin atá ina gcuid den Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha (EDMO) ([11]) nó den Líonra Eorpach um Chaighdeáin um Sheiceáil Fíricí (EFCSN) ([12]).

58. Ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne breithniú a dhéanamh ar bhealaí tiomnaithe a chur i bhfeidhm chun dul i gcomhairle le heagraíochtaí ábhartha agus faisnéis a chomhroinnt leo, amhail na heagraíochtaí sin dá dtagraítear sa mhír roimhe seo. I ndáil leis sin, d'fhéadfadh soláthraithe ardán an-mhór ar líne pointí teagmhála sonracha agus tiomnaithe a mharcáil chun é a chur ar a gcumas d'eagraíochtaí den sórt sin aon saincheist a shainaithníonn siad a chur in iúl agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar na dearbhuithe atá ar fáil go poiblí.

59. Chuige sin, ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne breithniú a dhéanamh ar a áirithiú go bhfuil sásraí aiseolais i bhfeidhm chun obair leantach iomchuí a dhéanamh le heagraíochtaí ábhartha, amhail na heagraíochtaí sin dá dtagraítear i mír 57. D'áireofaí leis sin, ar a laghad, deimhniú a sheoladh chucu go bhfuarthas a marcáil agus iad a chur ar an eolas faoin obair leantach maidir leis an marcáil sin.

([11]) EDMO | An Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha.
([12]) EFCSN | Tionscadal an Líonra Eorpaigh um Chaighdeáin um Sheiceáil Fíricí – Tionscadal um Chaighdeán um Sheiceáil Fíricí.

60. Níor mhór an comhar idir soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus eagraíochtaí ábhartha, amhail iad siúd dá dtagraítear i mír 57, a bheith trédhearcach. Chuige sin, d'fhéadfadh soláthraithe ardán an-mhór ar líne liosta a sholáthar a bheadh ar fáil go poiblí de na heagraíochtaí lena gcomhoibríonn siad.

61. Molann an Coimisiún freisin d'eagraíochtaí ábhartha, amhail na heagraíochtaí sin dá dtagraítear i mír 57, gníomhú mar idirghabhálaithe idir soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus daoine aonair, acadóirí, taighdeoirí agus páirtithe leasmhara eile a d'fhéadfadh saincheisteanna a shainaithint maidir le comhlíonadh na n-eilimintí arna ndearbhú de bhun Airteagal 18(1) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán ag soláthraí seirbhíse meán, ar saincheisteanna iad a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le tuilleadh machnaimh. I gcásanna den sórt sin, ba cheart d'eagraíochtaí ábhartha, amhail na heagraíochtaí sin dá dtagraítear i mír 57, úsáid a bhaint as na bealaí atá ar fáil le haghaidh comhairliúcháin agus comhroinnt faisnéise, mar a fhoráiltear sa Roinn seo, chun an t-ábhar a chur os comhair sholáthraithe ardán an-mhór ar líne.

62. Measann an Coimisiún gur cheart don Bhord rannchuidiú leis na heagraíochtaí is ábhartha a d'fhéadfadh oibriú le soláthraithe ardán an-mhór ar líne a shainaithint. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh i gcomhthéacs an idirphlé struchtúrtha idir soláthraithe ardán an-mhór ar líne, ionadaithe soláthraithe seirbhíse meán agus ionadaithe na sochaí sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 19(1) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán.

8. **CONCLÚIDÍ**

63. Tá an Coimisiún lántiomanta a áirithiú go gcuirfear Airteagal 18 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán i bhfeidhm go héifeachtach. Is é is aidhm do na treoirlínte seo feidhmiú céimneach na feidhmiúlachta dearbhaithe dá dtagraítear in Airteagal 18(1) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán a éascú, chun tairbhe do na páirtithe leasmhara ábhartha uile.

64. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na dtreoirlínte sin, lena n-áirítear trí aon fhorbairt agus taithí ghaolmhar a chur san áireamh, mar a phléitear i gcomhthéacs an idirphlé struchtúrtha dá dtagraítear in Airteagal 19(1) den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, agus déanfaidh sé athbhreithniú orthu de réir mar is gá.